

Dé Céadaoin Oifig an Spioraid Naoimh



Féach ar mo Chroí - Fuinneog i Séipéal nua na bProinsiasach in Inis

“Séideann an ghaoth mar is áil léi. Is clos duit a glór,
ach ní eol duit cad as di ná cá ngabhann sí.
A dála-san ag gach duine a ghintear ón Spiorad.”

Crom chugam le Cúnamh a Dhia.
Brostaigh a Thiarna agus cabhraigh liom.

Nascaim mé féin inniu:
Le neart tréan, impí na Tríonóide,
Creideamh i dTriaracht agus admháil Aontacht
An IlChruthaitheora.

Glóir don Athair ...



Bí a Íosa im' chroíse 's im' chuimhne gach uair

Bí 'Íosa im' chroíse 's im' chuimhne gach uair,
Bí 'Íosa im' chroíse le aithrí go luath.
Bí 'Íosa im' chroíse le dúthracht go buan.
'S a Íosa Dhia dhílis ná scar choíche uaim.

'Sé Íosa mo ríse, mo chara 's mo ghrá,
'Sé Íosa mo dhídean ar pheaca a's ar bhás.
'Sé Íosa mo aoibhneas, mo sheasamh de gnáth.
'S a Íosa Dhia Dhílis ná scar liom go brách.

Bí, 'Íosa go síoraí im' chroí 's im' bhéal.
Bí, 'Íosa go síoraí im' thuiscint a's im' méin.
Bí, 'Íosa go síoraí im' mheabhair mar léann.
'S a Íosa Dhia dhílis, ná fág mé liom féin.



Ardeaglais San Rufino in Assisi

Is san Ardeaglais seo a thosaigh an ghluaiseacht Phroinsiasach i ndáiríre nuair a baisteadh San Proinsias ann in 1182 agus San Clár in 1193. Is ann a bhí Proinsias ag tabhairt seanmóra Domhnach na Pailme in 1209 nuair a chuaigh sé i gcionn chomh mór sin ar Chlár agus gur thuig sí go raibh Dia ag glaoch uirthi é a leanúint.



Cuid bheag d'fhuinneog san Sainte Chapelle i bPáras

Ainteafan 1

A Thiarna, cé dhéanfaidh cónaí i do bhoth?
Cé lonnóidh ar do shliabh naofa?

Salm 15 (14)

Salm le Dáiví

A Thiarna, cé dhéanfaidh cónaí i do bhoth?
Cé lonnóidh ar do shliabh naofa?

An té a shiúlann gan cháim;
an té a dhéanann fíréantacht
agus a labhraíonn go díreach óna chroí
an té nach ndéanann tromaíocht lena theanga;

an té nach ndéanann olc dá chomharsa
is nach dtugann masla don duine thall;
an té ar beag aige an drochdhuine
agus ar mór aige lucht eagla an Tiarna;

an té nach ngabhann siar ar a bhriathar
bíodh gur mhionnaigh chun a dhochair féin;
nach gcuireann a chuid airgid ar úsaireacht,
's nach nglacann le breab in aghaidh an neamhchiontaigh.
An té a dhéanfaidh amhlaidh
ní bhainfear dá threoir é go brách.

Glóir don Athair ...

Ainteafan 1

A Thiarna, cé dhéanfaidh cónaí i do bhoth?
Cé lonnóidh ar do shliabh naofa?



Rinneadh an uile ní tríd, agus gan é ní dhearnadh aon ní dá ndearnadh ...

Cairn Uí Néid in iarthar Chorcaí. Tá na carraigeacha seo na céadta milliún bliain d'aois agus faoi mar a dúirt Thomas Mac Donagh, 'Rocks are his written word'.

Ainteafan 2

Tabhair dúinn, a Thiarna, spiorad na heagna agus na tuisceana,
spiorad na comhairle agus na cumhachta,
spiorad an eolais agus eagla an Tiarna.

Salm 133 (132)

Aoibhneas an Ghrá Bhráithriúil

Salm Dháiví.

Féach! nach maith agus nach aoibhinn é
go mbeadh bráithre ina gcónaí le chéile.

Mar uinnimint a doirteadh ar an gceann,
agus a shil ar an bhféasóg –
a shil anuas ar fhéasóg Árán,
go himeall a fhallainge.

Is cosúil le drúcht Hearnón é agus é ag titim
anuas ar Shliabh Shíón.
Is ann a thug an Tiarna beannacht,
agus beatha go brách.

Glóir don Athair ...

Ainteafan 2

Tabhair dúinn, a Thiarna, spiorad na heagna agus na tuisceana,
spiorad na comhairle agus na cumhachta,
spiorad an eolais agus eagla an Tiarna.



Glóirígí an Tiarna, a fharraigí agus a aibhneacha,
molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.

Ainteafan 3

Go raibh Spiorad an Tiarna orainn go dtabharfaimid an dea-scéil do na Boicht.

Salm 4

Urnaí Oíche Salm le Dáiví.

Éist liom is mé ag éamh ort, a Dhia na fíréantachta.
D'fhuascail tú mé ó mo phianpháis, éist liom go trócaireach.

A fheara, cá fhad dom faoi mhíchlu agus náire,
agus sibhse ag tabhairt taitnimh don bhaois is don éitheach?

Is é an Tiarna a roghnaíonn dó féin an duine diaga:
éistfidh an Tiarna nuair a ghlaofaidh mé air.

Bíodh eagla oraibh; ná peacaigí, déanaigí machnamh in bhur leapacha.
Déanaigí íobairtí córa, bíodh bhur ndóchas sa Tiarna agaibh.

Is iomaí duine á rá: “Cé a nochtfaidh nithe fóna dúinn?
Ardaigh solas do ghnúise os ár gcionn, a Thiarna.”




Is mó a chuir tusa d'aoibhneas i mo chroí
ná iad siúd de bharr flúirse aráin agus fíona.

Rachad a luí faoi shuaimhneas: déanfad codladh go sámh,
óir is tú amháin, a Thiarna, a choimeádann ó bhaol mé.

Glóir don Athair ...

Ainteafan 3

Go raibh Spiorad an Tiarna orainn go dtabharfaimid an dea-scéil do na Boicht.



“Níl tuile nach dtránn ach tuile na ngrás”

Gloine ildaite nua is seanséipéal na nDoiminicach i gCill Chainnigh.

*Dúradh liom go léiríonn sí uisce agus tine agus na dúile go léir
ach measaim féin go léiríonn sé cruthú na réalta ónar thanaigh na dúile sin.*

Sliocht as Ghníomhartha na nAspal 2, 17, 21

‘Tarlóidh sna laethanta deireanacha,’ arsa an Tiarna, ‘go ndoirtfidh mé amach mo spiorad ar an uile dhuine ... cibé duine a ghlaofaídh ar ainm an Tiarna, slánófar é.’

Freagra: D’athraigh teacht an Spioraid Naoimh saol na ndeisceabal.

(abair an freagra arís)

Véarsa: Tá bua na crógachta ag teastáil uainn.

(Abair an freagra arís)

Glóir don Athair ...

(abair an freagra arís)



(Fuinneog i séipéal Bhaile an Ultaigh, Co. Thiobraid Árann)

Ainteafan an Magnificat

An tAbhcóide, an Spiorad Naomh, a chuirfidh an tAthair uaidh i m'ainmse, múinfidh seisean an uile ní daoibh, agus cuirfidh sé i gcuimhne daoibh, ar inis mise daoibh.

An Magnificat

Mórann m'anam an Tiarna,
agus rinne mo spiorad gairdeas i nDia mo Shlánaitheoir.
Óir dhearc sé le fabhar ar ísle a bhanóglaigh;
mar féach, déarfaidh na glúine uile feasta gur méanar dom.

Óir rinne an Té atá cumhachtach nithe móra dom agus is naofa a ainm,
agus tá a thrócaire ó ghlúin go glúin dóibh seo ar a mbíonn a eagla.

Thaispeáin sé neart a láimhe:
scaip sé an dream a bhí uaibhreach i smaointe a gcroí.
Leag sé prionsaí óna gcathaoireacha,
agus d'ardaigh sé daoine ísle;

Líon sé lucht an ocrais le nithe maithe,
agus chuir sé na saibhre uaidh folamh.
D'fhóir sé ar Iosrael a sheirbhíseach,
ag cuimhneamh dó ar a thrócaire –
de réir mar gheall sé dár n-aithreacha –
d'Abrahám agus dá shliocht go brách.
Glóir don Athair ...

Aintefan an Magnificat

An tAbhcóide, an Spiorad Naomh, a chuirfidh an tAthair uaidh i m'ainmse, múinfidh seisean an uile ní daoibh, agus cuirfidh sé i gcuimhne daoibh, ar inis mise daoibh.

Paidreacha Impí

D'athraigh an Spioraid Naomh saol na n-aspal nuair a thuirling sé orthu Domhnach Cincíse; tugann sé sin de mhisneach dúinn guí a dhéanamh: A Spioraid Dé cosain Eaglais Chríost ar gach dainséar. *Freagra:* A Thiarna éist linn.

Cosain agus treoraigh ár bPápa (ainm) *Freagra:* A Thiarna éist linn.

Caomhnaigh muintir uile an domhain. Go raibh a gcearta acu agus go maire siad go léir faoi shíocháin. *Freagra:* A Thiarna éist linn.

Treoraigh ceannairí na náisiún go léir. *Freagra:* A Thiarna éist linn.

Tabhair solás do na boicht agus do na daoine cráite go léir. *Freagra:* A Thiarna éist linn.

Gabhaimid buíochas leat, a Thiarna, as iontas agus as áilleacht an tsaoil seo, as na héin, na héisc, na hainmhithe agus na feithidí, as radharca iontacha tíre agus farraige, as ceol cultúr agus teanga na tíre seo agus gach aon tír agus as saothar lámh an duine. Iarraimid ort, a Thiarna, do bheannacht a thabhairt dóibh agus iad a chaomhnú chun go mbeidh siad ann chun glóire d'ainm agus leas agus tairbhe na ndaoine. *Freagra:* A Thiarna éist linn.

Ár nAthair...

Paidir Chlabhsúir

A Athair ghrámhair, shíoraí cuir do Spiorad Naomh anuas inár gcroí; deonaigh go líonfaidh sé muid le do ghrásta; go soilseofar ár n-aigne, go lasfaidh ár gcroí le goradh do theasa agus go bhfaighimid an neart sin atá riachtanach dúinn chun ár láigí féin a shárú. Cuirimid ár nguí chugat trínár dTiarna Íosa Críost do Mhac, a mhaireann agus a rialaíonn leat mar aon leis an Spioraid Naomh, ina Dhia go brách na breithe. Áiméan.

Go mbeannaí an Tiarna muid, go gcoinní sé ó olc muid agus go dtuga sé chun na beatha síorraí muid. Áiméan.



Go dtuga Dia uilechumhachtach oíche chiúin agus críoch ar fheabhas dúinn.

Salm 133 (132)

Canticum jucundum David.

- 1 Ecce quam bonum et quam jucundum, habitare fratres in unum!
- 2 Sicut unguentum in capite, quod descendit in barbam, barbam Aaron, quod descendit in oram vestimenti ejus;
- 3 Sicut ros Hermon, qui descendit in montem Sion.
Quoniam illic mandavit Dominus benedictionem, et vitam usque in saeculum.